Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15185/23**

**COPS 539**
**EUMC 471**
**MAMA 165**
**CONUN 283**
**CSDP/PSDC 760**
**CFSP/PESC 1503**
**RELEX 1287**
**CSC 520**
**EUNAVFOR MED 33**
**PSC DEC 53**
**JAI 1442**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le húdarú oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir a athdhearbhú (EUNAVFOR MED IRINI) (EUNAVFOR MED IRINI/4/2023 |

**CINNEADH (CBES) 2023/…**
**ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le húdarú oibríocht mhíleata**
**an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir a athdhearbhú**
**(EUNAVFOR MED IRINI)**
**(EUNAVFOR MED IRINI/4/2023)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI)[1], agus go háirithe Airteagal 8(3) de,

---

[1] IO L 101, 1.4.2020, lch. 4.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472, lenar bunaíodh agus lenar seoladh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) don tréimhse go dtí an 31 Márta 2021.

(2) Foráiltear le hAirteagal 8(3) de Chinneadh (CBES) 2020/472 go bhfuil, d'ainneoin na tréimhse sin, údarú na hoibríochta le hathdhearbhú gach 4 mhí agus go bhfuil an oibríocht le fadú ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála mura bhfuil éifeacht tarraingthe ag imscaradh shócmhainní muirí na hoibríochta ar imirce ar bhonn fianaise chuí-réasúnaithe arna bailiú de réir na gcritéar a leagtar amach sa Phlean Oibríochta.

(3) An 20 Márta 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/653[1], lenar gcuireadh síneadh le EUNAVFOR MED IRINI go dtí an 31 Márta 2025, faoi réir an nós imeachta athdhearbhúcháin chéanna.

(4) Sholáthair an Ceannasaí Oibríochta tuarascálacha míosúla maidir le tosca tarraingthe.

(5) Ba cheart údarú na hoibríochta a athdhearbhú don 12ú fothréimhse 4 mhí dá sainordú agus ba cheart an oibríocht a fhadú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2021/542 ón gComhairle an 26 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 81, 21.3.2023, lch. 27).

*Airteagal 1*

Athdhearbhaítear leis seo údarú EUNAVFOR MED IRINI agus déantar an oibríocht a fhadú don tréimhse ón 1 Nollaig 2023 go dtí an 31 Márta 2024.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, …

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*